



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

Preas Ráiteas Press Statement

Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh, Ráithe 4 2015

LÁNCHOSC: Ná scaoiltear roimh 11.00rn 23 Feabhra 2016

Achoimre ar thorthaí ceannlíne

Príomhthorthaí	Ráithe 4 2015	Athrú bliantúil
Fostaithe	1,983,000	+ 44,100
Dífhostaithe	187,500	- 26,100
Sa Lucht Saothair	2,170,500	+ 18,000
Níl sa Lucht Saothair	1,448,000	- 1,300

Líon na nDaoine i bhFostaíocht

- ◆ Bhí méadú bliantúil i bhfostaíocht arbh ionann é agus 2.3% nó 44,100 sa bhliain chuig an gceathrú ráithe de 2015, ag tabhairt an líon iomlán i bhfostaíocht go 1,983,000.
- ◆ Ar bhonn choigeartú séasúrach, tháinig méadú 4,700 (+0.2%) ar fhostaíocht sa ráithe. Leanann sé seo ar aghaidh ó mhéadú coigeartaithe séasúraigh de chuid 9,600 (+0.5%) i bhfostaíocht i R3 2015.

Líon na nDaoine Dífhostaithe

- ◆ Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta coigeartaithe go séasúrach ó 9.2% go 9.1% i gcaitheamh na ráithe.
- ◆ Laghdaigh dífhostaíocht faoi 26,100 (-12.2%) sa bhliain go R4 2015, ag tabhairt líon iomlán na ndaoine dífhostaithe go 187,500.
- ◆ Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ó 5.8% go 4.7% i gcaitheamh na bliana go R4 2015. Ba í dífhostaíocht fhadtéarmach ba chúis le 54.5% den dífhostaíocht iomlán i R4 2015 i gcomparáid le 57.8% bliain roimhe sin agus 61.4% sa gceathrú ráithe den bhliain 2013.

Lucht Saothair

- ◆ Bhí an líon iomlán daoine sa lucht saothair sa gceathrú ráithe den bhliain 2015 cothrom le 2,170,500, arb ionann sin agus méadú de chuid 18,000 (+0.8%) i gcaitheamh na bliana. B'ionann an líon daoine nach raibh sa lucht saothair i R4 2015 agus 1,448,000, laghdú de chuid 1,300 (-0.1%) i gcaitheamh na bliana.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
T12 X00E
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 4984000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
T12X00E
Ireland

Dublin Office
+353 1 4984000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NI)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555



information@cso.ie
www.cso.ie

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise téigh i mbun teagmhála le Edel Flannery ag 021-453 5623 nó Martina O'Callaghan ag 021-453 5491.

Facs 021-453 5492.

R-phost labour@cs0.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

23 Feabhra 2016

– CRÍOCH –